Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12287/25**
**ADD 1**

**PECHE 237**
**DELACT 119**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5784 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialú ar iascach agus maidir le faireachas agus cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, ar fhorfheidhmiú agus ar chomhlíonadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5784 annex.

---

Faoi iamh: C(2025) 5784 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.8.2025
C(2025) 5784 final

ANNEXES 1 to 6

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialú ar iascach agus maidir le faireachas agus cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, ar fhorfheidhmiú agus ar chomhlíonadh**

# IARSCRÍBHINN I

## CÚRAIMÍ NA mBREATHNÓIRÍ RIALAITHE

1. Déanfaidh na breathnóirí rialaithe na gníomhaíochtaí iascaireachta ábhartha uile a thabhairt dá n-aire agus iad ar bord an tsoithigh iascaireachta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas go háirithe:

   (a) dáta agus am agus ionaid gheografacha thús agus dheireadh gach oibríochta iascaireachta.

   (b) breathnóireachtaí ar an doimhneacht ag tús agus deireadh na hoibríochta iascaireachta.

   (c) an cineál trealaimh a úsáidtear i ngach oibríocht agus a thoisí, lena n-áirítear méideanna mogall i gcás inarb infheidhme agus na sásanna a úsáidtear.

   (d) barúlacha a bhaineann le clárú gabhálacha (i.e. logleabhar iascaireachta, réamhfhógra agus dearbhuithe trasloingsithe) agus leis an ngabháil mheasta chun spriocspeicis, foghabhálacha, lena n-áirítear speicis íogaire, agus ábhar muirí aischurtha a shainaithint chun clárú gabhálacha, comhdhéanamh gabhálacha agus rialacha maidir le hábhar muirí aischurtha a chomhlíonadh.

   (e) breathnóireachtaí ar mhéid na speiceas éagsúil sa ghabháil, maille le tagairt shonrach d'eiseamail atá róbheag.

2. Tabharfaidh breathnóirí rialaithe dá n-aire aon chur isteach ar an gcóras um fhaireachán soithí, lena n-áirítear an gléas um fhaireachán soithí, chomh maith le córais nó gléasanna eile atá ábhartha maidir le rialú iascaigh, amhail córais cianfhaireacháin leictreonaigh, lena n-áirítear TCInna, agus córais chun cumhacht innill a thomhas agus a thaifeadadh go leanúnach.

3. Tabharfaidh breathnóirí rialaithe fógra do na húdaráis inniúla ábhartha agus tabharfaidh siad dá n-aire aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun a chinneadh an ndearnadh gníomhaíochtaí iascaireachta le saothar éignithe. Chun a chinneadh ar tharla saothar éignithe ar bord soithigh iascaireachta, féadfaidh breathnóirí rialaithe ceann amháin nó níos mó de na táscairí a liostaítear in Iarscríbhinn V nó aon fhaisnéis ábhartha eile a mheas.

## IARSCRÍBHINN II

## FORMÁID THUARASCÁIL AN BHREATHNÓRA RIALAITHE

| **MIONSONRAÍ FAOIN mBREATHNÓIR** | |
|---|---|
| Ainm | |
| Arna ainmniú ag (an t-údarás inniúil) | |
| Arna imscaradh ag (an t-údarás is fostóir) | |
| Dáta tosaigh | |
| Dáta deiridh | |

| **MIONSONRAÍ FAOIN SOITHEACH IASCAIREACHTA** | |
|---|---|
| Cineál | |
| An Stát Brataí | |
| Ainm | |
| Uimhir an chláir cabhlaigh nó, i gcás nach bhfuil sí ar fáil, uimhir eile | |
| Aitheantóir seachtrach | |
| Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió | |
| Uimhir na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) nó, i gcás nach bhfuil sí ar fáil, uimhir eile | |
| Cumhacht an innill tiomána | |
| Fad foriomlán | |

| **NA CINEÁLACHA TREALAIMH A IOMPRÓFAR** | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |

| AN TREALAMH A BHREATHNÓFAR LE LINN AN TURAIS | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |

| MIONSONRAÍ FAOI NA hOIBRÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA | |
|---|---|
| Uimhir thagartha na hoibríochta iascaireachta (más infheidhme) | |
| Dáta | |
| An cineál trealaimh a úsáidfear | |
| Toisí | |
| Méid mhogaill | |
| Sásanna arna bhfeistiú | |
| Am thús na hoibríochta<br>Am deiridh na hoibríochta | |
| Suíomh ag tús na hoibríochta | |
| An doimhneacht ag an tús | |
| An doimhneacht ag deireadh na hoibríochta | |
| Suíomh ag deireadh na hoibríochta | |

| GABHÁLACHA | | Speiceas | Arna gcoinneáil | Arna n-aschur |
|---|---|---|---|---|
| Na cainníochtaí measta de gach speiceas i gcoibhéis bheomheáchain i gcileagraim | Íosmhéid tagartha caomhnaithe | | | |
| | Faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe | | | |
| Na cainníochtaí measta de na spriocspeicis i gcoibhéis bheomheáchain i gcileagraim | Íosmhéid tagartha caomhnaithe | | | |
| | Faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe | | | |
| Na cainníochtaí measta de na spriocspeicis i gcoibhéis bheomheáchain i gcileagraim | Íosmhéid tagartha caomhnaithe | | | |
| | Faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe | | | |
| Coibhéis bheomheáchain iomlán measta na gabhála i gcileagraim | Íosmhéid tagartha caomhnaithe | | | |
| | Faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe | | | |

BREATHNÓIREACHTAÍ AR NEAMHCHOMHLÍONADH


ACHOIMRE AR DHEIREADH AN TURAIS IASCAIREACHTA

SÍNIÚ AN BHREATHNÓRA

DÁTA

**IARSCRÍBHINN III**

**MODHANNA UM CHIGIREACHT IASCAIGH A MHARCÁIL**




*BRATAINN NÓ SIOMBAIL CIGIREACHTA*

Ar na soithí uile a úsáidfear le haghaidh rialú ar iascach, cigireachta agus forfheidhmithe, beidh an bhratainn nó an tsiombail cigireachta ar taispeáint go soiléir ar thaobhanna an aonaid a úsáidfear sa chaoi go mbeidh sí infheicthe go soiléir. Beidh an bhratainn cigireachta ar foluain ar na soithí a bheidh ag gabháil do na dualgais sin sa chaoi go mbeidh sí infheicthe go soiléir i gcónaí.

Féadfar na focail 'CIGIREACHT IASCAIGH' a ghreamú de thaobhanna na n-aonad freisin.

## IARSCRÍBHINN IV

## DRÉIMIRÍ BORDÁLA A THÓGÁIL AGUS A ÚSÁID

1. Leagtar síos san Iarscríbhinn seo ceanglais maidir le rochtain ar shoithí iascaireachta a bhfuil dreapadh 1,5 méadar nó níos mó ag teastáil ina leith.

2. Soláthrófar dréimire bordála éifeachtúil chun cur ar a gcumas do chigirí bordáil agus díbhordáil go sábháilte ar muir. Coimeádfar an dréimire bordála glan agus faoi chiúir.

3. Beidh an dréimire suite agus daingnithe:

   (a) ionas go mbeidh sé coinnithe glan ar aon scaoileadh a d'fhéadfadh a bheith ann ón soitheach iascaireachta.

   (b) ionas go gcoimeádfar amach ó na mínlínte é agus go mbeidh sé, a mhéid is indéanta, i lár fhad an tsoithigh iascaireachta.

   (c) ionas go mbeidh gach céim go daingean le taobh an tsoithigh iascaireachta.

4. Maidir le céimeanna an dréimire bordála:

   (a) beidh siad déanta de chrua-adhmad nó d'ábhar eile ag a bhfuil airíonna coibhéiseacha, a bheidh déanta in aon phíosa amháin agus é saor ó shnaidhmeanna; féadfar na ceithre chéim is ísle a dhéanamh as rubar a bhfuil dóthain nirt agus righnis ann, nó as ábhar oiriúnach eile ag a bhfuil saintréithe coibhéiseacha.

   (b) beidh dromchla neamhsciorrach éifeachtúil acu.

   (c) ní bheidh siad níos lú ná 480 mm ar fad, 115 mm ar leithead, agus 23 mm ar tiús, diomaite d'aon ghaireas nó eitriú neamhsciorrach.

   (d) beidh an fad céanna eatarthu nach lú ná 300 mm nó nach mó ná 380 mm.

   (e) beidh siad daingnithe sa chaoi go bhfanfaidh siad cothrománach.

5. Ní bheidh ag dréimire bordála ar bith níos mó ná dhá chéim athsholáthair a bheidh daingnithe ina n-ionad ar mhodh atá éagsúil leis an modh a úsáideadh i mbundéanamh an dréimire agus déanfar, a luaithe is indéanta le réasún, aon chéimeanna a bheidh daingnithe amhlaidh a ionadú le céimeanna a dhaingneofar ina n-ionad tríd an modh a úsáideadh i mbundéanamh an dréimire.

   Nuair a dhaingneofar aon chéim athsholáthair le taobh-rópaí an dréimire bordála trí bhíthin eitrí ar thaobh na céime, beidh na heitrí sin sna taobhanna is faide de na céimeanna.

6. Beidh taobh-rópaí an dréimire comhdhéanta de dhá rópa mhainileacha nó choibhéiseacha neamhchumhdaithe nach lú ná 60 mm in imlíne ar gach taobh; fágfar gach rópa gan a bheith cumhdaithe le haon ábhar eile agus beidh gach ceann díobh leanúnach gan alt ar bith ann laistíos den chéim uachtair; déanfar dhá phríomhrópa, a bheidh daingnithe go cuí leis an soitheach iascaireachta agus nach ísle iad ná 65 mm in imlíne, maille le líne sábháilteachta a choinneáil réidh le húsáid más gá.

7. Déanfar sparraí atá déanta de chrua-adhmad, nó d'ábhar eile ag a bhfuil airíonna coibhéiseacha, in aon phíosa amháin, atá saor ó shnaidhmeanna agus atá idir 1,8 agus 2 m ar fad, a sholáthar ag cibé eatraimh a chuirfidh cosc ar an dréimire bordála casadh. Beidh an sparra is ísle ar an gcúigiú céim ó bhun an dréimire agus ní bheidh an t-eatramh idir aon sparra agus an chéad cheann eile níos mó ná naoi gcéim.

8. Soláthrófar modhanna chun slí shábháilte agus áisiúil a áirithiú do chigirí a bheidh ag bordáil nó ag díbhordáil an tsoithigh idir ceann an dréimire bordála nó ceann aon dréimire teile nó ceann aon fhearais eile a sholáthrófar, agus deic na loinge. I gcás an tslí sin a bheith ina tairseach sna ráillí nó sa bhábhún, soláthrófar greamáin láimhe leormhaithe.

9. I gcás an tslí sin a bheith ina dréimire bábhúin, déanfar an dréimire sin a dhaingniú go docht den ráille bábhúin nó den léibheann bábhúin agus beidh dhá stáinse greamáin láimhe feistithe ag pointe bordála nó díbhordála an tsoithigh nach mbeidh níos lú ná 0,70 m ná níos mó ná 0,80 m óna chéile. Beidh gach stáinse daingnithe go docht de struchtúr an tsoithigh ag a bhun nó in aice leis agus freisin ag pointe níos airde, ní bheidh sé níos lú ná 40 mm ar trastomhas, ná ní shínfidh sé fad is lú ná 1,20 m os cionn bharr an bhábhúin.

10. Soláthrófar soilsiú istoíche ionas go mbeidh an dréimire bordála thar thaobh an tsoithigh agus freisin an áit a rachaidh an cigire ar bord an tsoithigh iascaireachta lasta go leormhaith. Déanfar baoi tarrthála ar a bhfuil solas uathadhainte a choinneáil réidh le húsáid. Déanfar téadán tarraingthe a choinneáil réidh le húsáid más gá.

11. Soláthrófar modhanna chun gur féidir an dréimire bordála a úsáid ar cheachtar taobh den soitheach iascaireachta. Féadfaidh an cigire atá i gceannas a chur in iúl cén taobh ba mhaith leis an dréimire bordála a bheith suite.

12. Déanfaidh oifigeach freagrach den soitheach iascaireachta maoirseacht ar rigín an dréimire agus ar bhordáil agus díbhordáil cigire.

13. Más rud é, ar aon soitheach iascaireachta, go gcuirfeadh gnéithe tógála amhail bandaí cuimilte cosc ar aon cheann de na forálacha sin chur chun feidhme, déanfar socruithe speisialta chun a áirithiú go mbeidh cigirí in ann bordáil agus díbhordáil go sábháilte.

## IARSCRÍBHINN V

## LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH TÁSCAIRÍ CHUN GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA A DHÉANTAR LE SAOTHAR ÉIGNITHE A SHAINAITHINT

1. Dallamullóg

   (a) níl conradh i scríbhinn ag iascairí, sin nó tá an conradh scríofa i dteanga nach dtuigeann siad.

   (b) iascairí a earcaítear agus iad den tuairim go bhfuil an fhostaíocht dleathach cé nach bhfuil i ndáiríre.

   (c) gealltanas déanta d'iascairí go mbeidh siad ag oibriú le fostóir difriúil / ar bord soithigh iascaireachta dhifriúil.

2. Dálaí oibre mí-úsáideacha

   (a) cóir leighis a dhiúltú i gcás díobhála.

   (b) an ceart chun teacht i dtír le haghaidh cóir leighis a dhiúltú i gcás breoiteacht thromchúiseach nó gortú tromchúiseach.

3. Dálaí maireachtála mí-úsáideacha

   (a) míchothú (lena n-áirítear cásanna beri-beri) agus díhiodráitiú i measc iascairí.

   (b) saoráidí sláintíochta neamhleora nó do-ghlactha.

   (c) spás cloiginn neamhdhóthanach / róphlódaithe.

4. Ragobair iomarcach

   (a) tá an méid criú i bhfad róbheag le haghaidh an chineáil soithigh / an trealaimh.

   (b) turais iascaireachta i bhfad rófhada.

   (c) easpa leanúnach uaireanta sosa agus laethanta saoire.

   (d) saoire ar tír agus saoire bhliantúil a dhiúltú.

5. Obair ar luach saothair faoi bhun an chaighdeáin nó gan aon phá

   (a) iascairí a mbaintear pá díobh go páirteach nó go hiomlán.

6. Mí-úsáid na leochaileachta

   (a) iascairí leochaileacha, lena n-áirítear iascairí imirceacha, a gcuirtear iallach orthu a bheith ag obair i ndálaí do-ghlactha nó faoi bhagairt foréigin.

7. Srian ar ghluaiseacht

   (a) ní féidir le hiascairí an soitheach a fhágáil, lena n-áirítear an soitheach a fhágáil le linn dóibh a bheith i gcalafort.

8. Leithlisiú

   (a) coinnítear iascairí ar muir tar éis an ama chomhaontaithe.

   (b) scoitear iascairí amach ó bhaill eile den chriú ar bord.

   (c) déantar a bhfón póca a choigistiú d'iascairí.

   (d) diúltaítear rochtain d'iascairí ar chórais chumarsáide agus / nó ar WiFi.

9. Foréigean fisiciúil agus gnéasach

   (a) comhartha fisiciúil gortaithe nó fianaise eile d'fhoréigean fisiceach, gnéasach nó síceolaíoch.

   (b) labhairt go maslach le hiascairí.

10. Imeaglú agus bagairtí

   (a) bíonn ar iascairí aghaidh a thabhairt ar bhagairtí iomadúla mar mhodhanna comhéigin agus rialaithe, lena n-áirítear obair bhreise nó diúltú bia/béilí.

11. Pá nó sochair gheallta eile a choinneáil siar

   (a) tá pasanna, víosa nó ceadanna oibre iascairí ag an máistir nó ag gníomhaireacht earcaíochta.

12. Cuibhriú fiachais nó cúbláil fiachais

   (a) gearrtar costais bhreise ar iascairí as seirbhísí bunúsacha ar bord.

## IARSCRÍBHINN VI

## FAISNÉIS ÍOSTA ATÁ LE hÁIREAMH I gCLÁR NA MÁISTRÍ

Beidh an fhaisnéis seo a leanas i gclár na máistrí:

1. Sainaithint an mháistir (náisiúnaigh / Ballstáit eile / tríú tíortha) ar sannadh na pointí dó.

   (a) ainm an mháistir.

   (b) náisiúntacht / náisiúntachtaí an mháistir.

   (c) aon uimhir aitheantais nó faisnéis atá ar fáil.

2. Sainaithint an tsoithigh iascaireachta nó na soithí iascaireachta lena mbaineann.

   (a) ainm an tsoithigh iascaireachta nó na soithí iascaireachta.

   (b) uimhir an chláir cabhlaigh nó, murab infheidhme, aitheantóir uathúil eile de chuid an tsoithigh.

   (c) ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta nó na soithí iascaireachta.

3. Pointí a chlárú.

   (a) pointí a dtugtar fógra fúthu i gcomhréir le hAirteagal 92(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus an Ballstát brataí nó na Ballstáit bhrataí a thugann fógra faoi na pointí, i gcás inarb infheidhme.

   (b) an dáta a sannadh na pointí, agus an líon iomlán pointí a sannadh ar an dáta sin.

   (c) na pointí a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 92(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus le hAirteagal 36 den Rialachán Tarmligthe seo.

4. An ceart a bheith i gceannas a chur ar fionraí nó a tharraingt siar.

   (a) an dáta a cuireadh an ceart a bheith i gceannas ar shoitheach iascaireachta ar fionraí, i gcás inarb infheidhme.

   (b) an dáta a tarraingíodh an ceart a bheith i gceannas ar shoitheach iascaireachta siar go buan, i gcás inarb infheidhme.